



Foilsíú Thuarascáil agus Cuntais Bhliantúla an Bhoird Pleanála le haghaidh 2023

D'fhoilsigh An Bord Pleanála Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2023 inniu.

Cásobair Phleanála agus Buaicphointí Feidhmíochta

In 2023, ba é 27,562 líon na n-iarratas pleanála a cinneadh ar fud na n-údarás pleanála agus díobh sin rinneadh achomharc chuig an mBord i gcás 2,035 (7.4%). Bhí méadú 7% go 3,272 ó 3,059 in 2022 ar líon iomlán na gcásanna a fuair an Bord (idir achomhairc agus iarratais dhíreacha) in 2023. Áirítear leis an bhfigiúr seo níos mó ná 600 achomharc Cánach Talún Criosaithe Cónaithe (CTCC) a fuarthas i mBealtaine 2023.

Ba é 2,775 líon na gcásanna a cinneadh in 2023, arb ionann é agus 55% de mhéadú ar an mbliain roimhe (2,115). Faoi dheireadh na bliana, bhí 2,564 cás ar láimh, anuas ó 2,580 in 2022.

Forbairtí Cónaithe ar Mhórsála

Fuair an Bord Pleanála 52 achomharc bailí maidir le Forbairtí Cónaithe ar Mhórsála (FCM) faoi alt 127 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. I rith na bliana, tugadh 36 achomharc FCM chun críche. Rinneadh cinneadh foirmiúil ar 32 cinn agus diúscaíodh 4 cinn go neamhfhoirmiúil. Cinneadh gach cás seachas 2 cheann laistigh den tréimhse 16 seachtaine.

Forbairtí Bonneagair Straitéisigh (SID)

Fuarthas 116 iarratas bonneagair straitéisigh san iomlán a bhain le cásanna ó údarais áitiúla, ó fhorbróirí príobháideacha, agus ó ghnóthairí reachtúla. I measc na gcineálacha iarratas bhí Bus Connects (6 uimhir in 2023), seachbhóthar N2 Bhaile Shláine, 12 fheirm ghaoithe agus 3 áis diúscairtha dramhaíola chomh maith le 71 tionscadal Údarais Áitiúil.

Agus Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2023 á bhfoilsíú aige, d'fháiltigh Peter Mullan, Cathaoirleach an Bhoird Pleanála, roimh fheidhmíocht fheabhsaithe na heagraíochta ó thaobh iarratais agus achomhairc a chur de láimh ach d'admhaigh sé go bhfuil gá le tuilleadh feabhais maidir le comhlíonadh foriomlán na tréimhsí ama chun cinntí a dhéanamh. (Tá nóta ar leith ar obair an Bhoird Pleanála in 2024 leagtha amach thíos).

“Ba dhúshlán é an riaráiste cás a bhí méadaithe le cúpla bliain anuas a ghlanadh agus tá sé fós idir lámha. Tá athrú suntasach tagtha ar phearsanra na heagraíochta ag leibhéal an Bhoird le dhá bhliain anuas, agus bhí tréimhsí ann inar laghdaíodh cumas cinnteoireachta an Bhoird go mór. Le déanaí tá méadú suntasach tagtha ar acmhainní lena n-áirítear acmhainní ag leibhéal na hArdbhainistíochta agus ag leibhéal an Bhoird leis na héilimh ghaolmhara ar an eagraíocht. Chuir na hacmhainní breise seo an eagraíocht i riocht anois inar féidir léi díriú go hiomlán ar an riaráiste cásanna oidhreachta a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas. Admhaím mar Chathaoirleach go bhfuil achomharcóirí agus iarratasóirí i dteideal cinneadh pleanála tráthúil a fháil, agus gabhaim leithscéal as an moill leanúnach ar go leor cineálacha cásanna ach tá a fhios agam gur eagraíocht athléimneach é an Bord Pleanála a bhfuil foireann agus Bord tiomanta aige ionas go n-éireoidh linn spriocthréimhsí reachtúla a chomhlíonadh a bheag nó a mhór faoi thús na bliana 2025.”

Deireadh.

Deireadh Fómhair 2024

Trácht ón gCathaoirleach ar a fheidhmíocht 2024 ó mhí na Nollag 2023 go dtí seo.

Admhaím foilsíú Thuarascáil Bhliantúil 2023.

Tugtar cuntas iomlán i dTuarascáil Bhliantúil 2023 ar an obair shuntasach a rinne an eagraíocht sa bhliain sin. I mí na Bealtaine 2023, bhí trí oiread a ghnáthriar cásanna (c.1,200) nach mór le réiteach ag ABP. Ba mhó an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an riaráiste a laghdú in 2023 – laghdaíodh 33% é idir Bealtaine agus Nollaig na bliana sin. Leanadh leis an dul chun cinn suntasach sin in 2024 le laghdú breise 25.32% go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair. Fuarthas 2,122 cás san iomlán go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair agus b'ionann agus 2,748 an líon iomlán a cuireadh de láimh, sin méadú 23.4% ar Mheán Fómhair 2023 (2,222).

Díríodh ar chásanna a bhí leis an mBord ar feadh thréimhse fhada ama a ghlanadh. Áiríodh leis na cásanna seo roinnt feidhmeanna díreacha casta agus mórsála a bhain le bonneagar straitéiseach, lena n-áirítear 41 cinneadh maidir le gaoth, fuinneamh agus dramhaíl; 70 cinneadh údaráis áitiúil; agus 13 chinneadh bóthair agus iarnróid lena n-áirítear 10 n-iarratas Bus Connect, Dart West agus 35 gnáth-achomharc pleanála a bhain le cásanna aeráide agus fuinnimh in-athnuaite (feirmeacha gaoithe, feirmeacha gréine srl.)

Ba é an toradh ar dhíriú ar cháschomhaid níos sine ráta comhlíonta íseal foriomlán i gcás na spriocthréimhsí reachtúla gaolmhara, áfach. Toisc go bhfuil cásanna níos sine á gcinneadh is é an fócas as seo go deireadh na bliana agus isteach in 2025 rátaí comhlíonta a fheabhsú agus filleadh ar sprioc comhlíonta 80% in 2025.

Forbairtí Cónaithe ar Mhórsála (FCM)

Tugann an Bord tús áite i gcónaí d'fhorbairtí cónaithe ar scála mór. Ó mhí Feabhra 2022, cinneadh 107 cás, 105 acu laistigh den spriocthréimhse reachtúil. D'ainneoin a ualach mór cásanna, chomhlíon an Bord 100% de na hamlínte cinnidh reachtúla do gach cás FCM in 2024.

Táimid tar éis díriú go suntasach agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le cineálacha cásanna áirithe mar thithíocht, athghiniúint agus gníomhachtú talún: Déanfar cinneadh ar gach achomharc CTCC laistigh dá spriocthréimhse reachtúil, 34 cinn faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair agus an chuid eile sna seachtainí atá romhainn. Tá cinneadh déanta freisin ar níos mó ná 80 cás láithreáin thréigthe. Táthar ag súil go bhfillfear ar chomhlíonadh substaintiúil na spriocthréimhsí reachtúla faoi dheireadh na bliana do scéimeanna ina bhfuil 30+ aonad cónaithe agus do chásanna beaga teaghlaigh. Tugtar tosaíocht freisin do bhonneagar sóisialta ríthábhachtach lena n-áirítear scoileanna agus áiseanna pobail.

Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta (FST)

Tar éis chinneadh Crofton na Cúirte Uachtaraí, tá an Bord ag déanamh cinneadh gníomhach anois ar iarratais FST. As na 54 cás FST a bhí idir lámha i ndiaidh Crofton, tá cinneadh déanta ag an mBord anois ar 17 gcás (30%). Meastar faoi dheireadh na bliana, go mbeidh 55% de na cásanna sin cinnte.

Chomh maith leis sin, tar éis bhreithiúnas Crofton, tá tús curtha ag na Cúirteanna le cinntí a cuireadh ar neamhní nó a géilleadh a chur ar ais chuig an mBord lena mbreithniú tuilleadh. Ní mór don Bhord breithniú breise a dhéanamh ar na cásanna seo agus beidh gá le tuarascálacha cigirí nua a ullmhú chun na hathruithe suntasacha sa dlí pleanála agus forbartha, pleananna forbartha contae agus cathrach agus treoirlínte aireachta a tharla san idirlinn a chur san áireamh.

Acmhainní

Cheap an tAire 9 mbuanchomhalta den Bhord le linn an dara leath de 2024, rud a thug líon iomlán na mbuanchomhaltaí Boird go 14 (beidh comhalta Boird amháin ag dul i mbun a ról i mí Eanáir 2025) agus fanfaidh 3 chomhalta shealadacha eile den Bhord ina bpoist go dtí mí na Nollag 2024 chun cabhrú le glanadh an riaráiste.

Reáchtáladh roinnt comórtas earcaíochta foirne arís le linn 2024 agus mhéadaigh líon na foirne ó 250 ag deireadh mhí na Nollag 2023 go 286 ag deireadh Mheán Fómhair 2024 agus táthar ag súil go sroichfear 300 faoi dheireadh na bliana.

Cé go bhfuil riaráiste cásanna fós ann agus leibhéal íseal comhlíonta foriomlán i gcás na spriocthréimhsí reachtúla in go leor cineálacha cásanna, admhaítear go bhfuil achomharcóirí agus iarratasóirí i dteideal cinneadh pleanála tráthúil, agus gabhann an Bord leithscéal as an moill leanúnach i gcás roinnt cineálacha cásanna. Mar sin féin, le líon na gcomhaltaí Boird agus leis an méadú ar an líon foirne agus glanadh na gcásanna is sine, táthar ag súil go bhfeabhsóidh sin sin comhlíonadh na spriocthréimhsí reachtúla in 2025.